



An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Aistear: Creachuraclam na Luathóige sa chomhthéacs naíonra agus bunscoile

12 Márta 2011

Cuspóirí na cainte seo faoi *Aistear*


- **Spléachadh a fháil ar *Aistear***, Creatchuraclam na Luath-Óige
- Cosúlachtaí agus éagsúlachtaí le **Curaclam na Naíonán** a thabhairt ar aird
- Féachaint ar roinnt bealaí a d'fheadfadh **stiúrthóir** nó **múinteoir naíonán** *Aistear* a úsáid



Aistear: Cén fáth? Cé dó?

Ceapadh *Aistear*

- le haghaidh gach linbh idir **breith agus sé bliana**
- le húsáid i **suíomhanna** éagsúla:
 - **seirbhísí seisiúnacha**, ranganna Tús Luath san áireamh
 - **ranganna naíonán** i mbunscoileanna
 - **suíomhanna cúram lae lánaimseartha** agus páirtaimseartha
 - **suíomhanna feighlíochta leanaí**
 - **in áiteanna cónaithe leanaí.**
- chun cabhrú le leanaí fás agus forbairt le bheith ina bhfoghlaimoirí **féinmhuiníneacha** agus **inniúlacha**



Aistear: cad atá ann?



Prionsabail agus Téamaí



12 phrionsabal Aistear

An luath-óige	Gaolta le daoine eile	Foghlaim agus forbairt
■ Uathúlacht/indibhidiúlacht ■ Comhionannas agus éagsúlacht ■ Saoránacht	■ Gaol/caidrimh ■ Ról an duine fhásta ■ Tuismitheoirí agus teaghlaigh	■ Iomlánaíoch ■ Gníomhach ■ Súgradh; eispéiris ghníomhacha ■ Ábhartha agus bríoch ■ Cumarsáid agus teanga ■ Timpeallacht foghlamtha



Creat agus curaclam ...

- **Creat curaclaim** ... *scafall nó crann taca a chuidíonn le daoine fásta curaclam a fhorbairt do na leanaí atá faoina gcúram.*
- **Curaclam** ... *tagraíonn sé seo do gach eispéireas, bíodh sé ina eispéireas foirmiúil nó neamhfhoirmiúil, pleanáilte nó neamhphleanáilte, sa timpeallacht laistigh nó lasmuigh, a chuireann le foghlaim agus le forbairt an linbh. (Prionsabail agus téamaí, lch. 61)*





Foghlaim agus forbairt leanaí á gcur i láthair mar **théamaí:**

- a) meonta
- b) scileanna
- c) tuairimí agus luachanna
- d) eolas agus tuiscint

Deiseanna foghlama samplacha

Sa chuid a bhaineann le gach téama gheofar:

- smaointe agus moltaí i leith gníomhaíochtaí agus eispéiris
- deiseanna foghlama samplacha i gcomhair trí aoisghrúpa



Naíonáin (leanaí óga):
breith go 18 mí



Mamailínigh:
12 mhí go 3 bliana



Leanaí:
2½ go 6 bliana

■ **tacóidh sé/sí le leanaí de réir mar atá a dteanga á forbairt acu:**

- tabharfaidh sé/sí sampla de dhea-úsáid teanga agus cuirfidh a lán deiseanna ar fáil do na leanaí le labhairt agus le bheith ag éisteacht (tá tábhacht ar leith ag baint leis seo do leanaí a bhfuil Béarla nó Gaeilge á foghlaim acu mar dhara teanga)
- éistfidh sé/sí go cúramach le leanaí agus ní dhéanfaidh beag is fiú dá smaointe
- cuirfidh sé/sí deiseanna ar fáil do leanaí labhairt le daoine éagsúla duine le duine, i ngrúpa beag, agus i ngrúpa mór, mar shampla leanbh agus rann á insint le cara nó nuacht á insint faoi rud éigin a rinne siad le chéile, leanaí ag cur agallaimh ar bhall de phobal
- spreagfaidh sé/sí leanaí leis an todhchaí a phleanáil, a thuairimí a thabhairt ina leith nó faoi eispéiris shamhlaíocha nuair atá siad i mbun súgartha samhlaíoch
- imreoidh sé/sí cluichí teanga leis na leanaí, mar shampla *Feicim le mo shúil cinn*
- aimseoidh agus cruthóidh sé/sí focail a dhéanann rím, focail sheafóideacha san áireamh, cosúil le *arán, bán, fán, seán, ván, bacán*
- déanfaidh sé/sí rabhlóga agus casfhocail a aithris
- léifidh sé/sí scéalta leis na leanaí agus déanfaidh na carachtair agus na himeachtaí iontu a iniúchadh leo
- roghnóidh sé/sí focail nua ón scéal agus tabharfaidh samplaí dá n-úsáid ar bhealach suntasach




Treoirlínte le haghaidh an dea- chleachtais



Treoirínte le haghaidh an dea-chleachtais

In *Aistear* gheofar freisin eolas, smaointe agus eispéiris foghlama samplacha i gceithre réimse den cleachtas:

- **Comhpháirtíochtaí** idir cleachtóirí, tuismitheoirí agus teaghlaigh
- **Idirghníomhaíochtaí** idir páistí agus daoine fásta
- **Súgradh** mar mhodh múinte agus foghlama
- **Measúnú** chun tacú leis an bhfoghlaim



Eispéiris foghlama...

- *cuntas sonrach ar fhoghlaim leanaí ... cur síos ar a ndeir, a ndéanann agus a gcruthaíonn na leanaí ... agus léiriú ar ról an duine fásta ...*
(Treoir Úsáide, lch. 5)

- Is féidir iad a chuardach ar bhonn
 - aoisghrúpa (43 do leanaí idir 2^{1/2} – 6 bliana)
 - suímh foghlama (seirbhísí seisiúnacha 22; naíonáin 21)
 - téama (Folláine & leas 22; Cumarsáid 15; Féiniúlacht & Muintearas 19; Taiscéalaíocht & smaointeoireacht 22)



Súgradh agus ról an duine fásta mar a léirítear in *Aistear* iad



Cad is súgradh ann, de réir *Aistear*?

Is *caoi le nithe a dhéanamh* é súgradh, a bhíonn:

- **gníomhach**: an corp agus an aigne in úsáid
- **eachtrúil**: dul sa seans, fiú i gcásanna nua agus i suíomhanna anaithnid; ligean orthu go sábháilte
- **cumarsáideach**: eolas a roinnt
- **taitneamhach**: spraíúil, spreagúil
- **casta**: gafa go domhain, dírithe air, ag smaoineamh
- **lánbhríoch**: tógáil ar an taithí atá acu
- **siombalach**: samhlaíocht a úsáid, ligean orthu
- **deonach**: roghnach, uathspreagtha, ag athrú de réir mar a leantar ar aghaidh



Ról an duine fásta

- *[P]lay in educational settings should have learning consequences.* (Janet Moyles, 2005, p.9)
- Ní mór don duine fásta
 - **pleanáil i gcomhair an tsúgartha** (*i bhfianaise an churaclaim agus eolais mheasúnaithe*)
 - **tacú leis an súgradh** (*straitéisí éagsúla idirghníomhaíochta a úsáid*)
 - **measúnú agus athmhachnamh** (*réimse modhanna a úsáid; 'scéalta' a chruthú i bpunanna*)
 - **athmhachnamh** (*conas is féidir liom tógáil ar an staid ag a bhfuil na páistí anois?*)
- Tá béim faoi leith ag **an timpeallacht foghlama**, ar an gcaoi, agus ar an méid, a fhoghlaimíonn leanaí



Ag foghlaim tríd an súgradh

- 5 chineál súgartha
 - cruthaitheach
 - cluichí le rialacha
 - súgradh le teanga
 - fisiceach
 - samhlaíoch

(*Treoirlínte*, lth.56-57)

- Béim ar an tábhacht a bhaineann le súgradh **laistigh** agus **lasmuigh**



Ceisteanna praiticiúla

1. Conas is féidir liom an seomra agus na páistí a **eagrú**?
2. Cén **acmhainní** is féidir a úsáid, agus cá háit?
3. Conas a chinnteoidh mé go bhfuil na páistí deas **socair** agus an seomra deas **glan**?
4. Conas a bheidh a fhios agam go bhfuil **rud éigin foghlamtha** ag na páistí?
5. Cé **mhéid ama** atá ag teastáil?
6. Cén áit sa **chlár ama** a chuirim an am súgartha?



Tasc: Ról an duine fásta

1. Féach an tEispéireas Foghlaim ó *Aistear*:
 - EF 30: Tarracóirí i sáinn! (stiúrthóirí)
 - EF 52: Dul go dtí an fiaclóir (múinteoirí)
2. Cé na **straitéisí** atá in úsáid ag an **gcleachtóir** chun tacú leis an bhfoghlaim agus chun í a shíneadh?

***Aistear* á chur i bhfeidhm**

Conas a
thacaíonn
Aistear le
cleachtóirí ina
gcuid oibre?



Aistear agus
curaclam na naíonán



Aistear agus *Síolta*



Aistear agus Síolta

- Cuid mhaith forluí sna bunphrionsabail
- Na haoisghrúpaí céanna
- Suíomhanna foghlama céanna (ceann breise i gceist in *Aistear*)
- *Síolta*: creat cáilíochta
- *Aistear*: creat curaclaim
- Pleanáil: téamaí, aidhmeanna, spriocanna foghlama

Aistear agus Caighdeáin *Síolta*

- 1: Cearta an Pháiste
- 2: Timpeallachtaí
- 3: Tuismitheoirí & teaghlaigh
- 4: Comhairliúchán
- 5: Idirghníomhartha
- 6: Súgradh
- 7: Curaclam
- 8: Pleanáil & meastóireacht
- 9: Sláinte agus Leas
- 10: Eagrú
- 11: Cleachtas Gairmiúil
- 12: Cumarsáid
- 13: Aistrithe
- 14: Féiniúlacht agus muintearas
- 15: Reachtaíocht agus rialú
- 16: Rannpháirteachas an Phobail



(Audit of Aistear and Síolta (NCCA and CECDE, 2008))



Aistear agus curaclam na naíonán

Cosúlachtaí

- Tógann Aistear ar Churaclam na Bunscoile
- Cuid mhaith prionsabal roinnte eatarthu
- Páiste lárnach: indibhidiúlacht an pháiste

Eagsúlachtaí

- Spriocanna foghlama / cuspóirí foghlama
- Téamaí /ábhair
- Comhthábhacht na dtéamaí/clár ama naíonán
- Comhroinnt cumhachta
- Neamhspleáchlás proifisiúnta


Mar sin: roinnt túsphointí

- **téamaí**, aidhmeanna, agus spriocanna foghlama a úsáid chun **clár foghlama** a fhorbairt do na páistí
- **súgradh** a úsáid mar mhodh chun tacú leis an bhfoghlaim
- réimse níos leithne **straitéisí** a úsáid chun **idirghníomhú** le páistí, agus cur leis an bhfoghlaim, í a shíneadh
- cur leis an **réimse modhanna** measúnaithe atá in úsáid, go háirithe chun tacú leis an bhfoghlaim (McF)
- **dul i gcomhar** le tuismitheoirí go héifeachtach



Aistear a fháil

- Foilsithe ar líne ag www.ncca.ie/luathoige
- 10,000 cóip ar CD tugtha amach
- 7,000 cóip as Béarla (dáileadh ag na hIonaid Oideachais agus na Coistí Cúram Leanaí)
- Cóipeanna Gaeilge ar fáil ó Eanáir 2011
 - **cóip amháin** den leagan Gaeilge do gach **naíonra** (á ndáileadh ag FNT, CNNG)
 - **dhá chóip** den leagan Gaeilge do gach **bunscoil** Ghaeltachta/lán-Ghaeilge (á ndáileadh ag na hIonaid Oideachais)
- Cóipeanna breise (Béarla & Gaeilge) ar díol
 - Oifig Foilseacháin an Rialtais, Sráid Theach Laighean, Baile Átha Cliath 2. 01 6793515.



Uirlisí Úsáide *Aistear*



Leidbhileoga



Acmhainní
ilmheán



Sleamhnáin le
cur i láthair



Acmhainní



Bileoga eolais



Podchraoltaí



Ait as info@ncca



Aistear agus Siolta

www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear

Ceardlanna sna hIonaid Oideachais



Teagascóirí *Aistear* ceaptha
Ceardlanna ar fáil sna
hIonaid Oideachais

- seisiún eolais (do phríomhoidí)
- trí cheardlann faoi súgradh (do mhúinteoirí)
- dhá cheardlann faoi mheasúnú (do mhúinteoirí)
- seisiún eolais faoin súgradh do thuismitheoirí



Obair atá beartaithe

Tá beartaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) athbhreithniú a dhéanamh ar ar theangacha i gCuraclam na Bunscoile, a tosú amach le naíonáin.

- Ag obair le múinteoirí, leanaí agus tuismitheoirí i ranganna naíonán
- Taighde agus litríocht nua a chuimsiú
- Comhar le Teagascóirí Aistear agus na hIonaid Oideachais
- Coistí - páirtnéireacht



Tuilleadh eolais

An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus
Measúnachta (CNCM)
24 Cearnóg Mhuirfean,
Baile Átha Cliath 2



Suíomh Gréasáin:

www.ncca.ie/luathoige

www.ncca.ie/uirlisiusaideaistear

R-phost: earlylearning@ncca.ie

Go raibh maith agaibh

Marie Riney

Oifigeach Oideachais

marie.riney@ncca.ie

01 799 6429

